RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2291 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, a mhéid a bhaineann le heicseaclóraibeinséin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) agus faoin bPrótacal maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin ([3]).

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tá toirmeasc, faoi réir Airteagal 4 den Rialachán sin, ar shubstaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó ina n-earraí.

(3) Liostaítear heicseaclóraibeinséin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 gan teorainnluach le haghaidh Rian-Éilleán Neamhbheartaithe.

(4) Le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun iontrálacha atá in Iarscríbhinn I cheana a mhodhnú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(5) Chinn an Coimisiún go bhfuil heicseaclóraibeinséin ann mar eisíontas i roinnt substaintí, meascán agus earraí, lena n-áirítear lotnaidicídí, tuaslagóirí clóirínithe, dúigh, bratuithe, péinteanna agus tónóirí, feidhmeanna adhmaid, feidhmeanna teicstíle agus plaistigh.

(6) Chun an staid dhlíthiúil a shoiléiriú agus chun forfheidhmiú a éascú a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí, meascán nó earraí ina bhfuil heicseaclóraibeinséin mar rian-éilleán neamhbheartaithe, ba cheart teorainn UTC 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) a shocrú le haghaidh heicseaclóraibeinséine.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
([2]) IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.
([3]) IO L 81, 19.3.2004, lch. 37.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, sa cheathrú colún ("Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile") san iontráil maidir le heicseaclóraibeinséin, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

"Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le tiúchain heicseaclóraibeinséin atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil sé i substaintí, meascáin nó earraí.".